**Ár Uimhir Thagartha:** **61.PA0033**

Stiofán Ó Cúláin
Príomhfheidhmeannach
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Contae na Gaillimhe

2ú Nollaig, 2014

**Maidir le:** **Síneadh Chuan na Gaillimhe, Bailte Fearainn:- An Rinn Mhór & Páirceanna an Bhaile, Gaillimh**

A Chara,

Ar son An Bhoird Pleanála déanaim tagairt don fhorbairt thuasluaite atá beartaithe.

De réir alt 134(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, tá cinneadh déanta ag An mBord Pleanála éisteacht ó bhéal a chur ar siúl maidir leis an fhorbairt atá beartaithe.

I dtaca leis seo, fuair Cigire Phleanála Shinsearaigh treoir ón mBord Pleanála éisteacht ó bhéal a chur ar siúl chun fiosrú a dhéanamh ar an iarratas agus gach ceann de na haighneachtaí atá faighte maidir le héifeachtaí ionchasacha ar chomhshaol na forbartha beartaithe, agus iarmhairtí ionchasacha ar pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt atá beartaithe lonnaithe, agus tuairisc a chur ar fáil don Bhord ina theannta sin.

Is iad seo a leanas socruithe maidir leis an éisteacht ó bhéal atá beartaithe:

**Dáta:** **Dé Máirt, an 13ú Eanáir, 2015**
**Am:** **10:00 r.n.**
**Ionad:** **Óstán Chonnacht, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe.**

Más féidir, tabhair breischóip crua den fhianaise chuig an éisteacht ó bhéal. D'éascófaí iompraíocht ghinearálta na héisteachta dá mbeadh na breiscóipeanna seo, in éineacht le haon líníocht ghaolmhar, curtha ar fáil don lucht éisteachta.

Tabhair faoi deara chomh maith go mbeidh taifeadadh fuaime don fhianaise ag an éisteacht ó bhéal.

Tá cóip do gach aighneacht faighte ag an mBord, chomh maith le cáipéisí agus comhfhreagras uile an cháis, curtha ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh orthu, in oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus in oifigí an Bhoird Pleanála roimh an éisteacht ó bhéal. Beidh cóip chomhad an chomhreagrais thuasluaite ar fáil le linn na héisteachta ó bhéal, agus is féidir liosta iomlán d'ainm gach páirtí atá aighneacht taiscithe acu, a fháil ar suíomh idirlín an Bhoird - www.pleanala.ie.

De bharr méid agus castacht an cháis, tá cinneadh déanta ag an mBord réamh-chruinniú don éisteacht ó bhéal a chur ar siúl roimh thosach na héisteachta ar an Máirt, an 6ú lá d'Eanáir 2015, chun nós imeachta na héisteachta substaintí a chur le chéile go cruinn. Ba cheart do dhaoine ar mhian leo labhairt ag an éisteacht ó bhéal teacht chuig réamh-chruinniú na héisteachta ó bhéal seo.

Teil (01) 858 8100 Tel
Glao Áitiúil 1890 275 175 LoCall
Facs (01) 872 2684 Fax
Láithreán Gréasáin www.pleanala.ie Web
Ríomhphost bord@pleanala.ie Email

64 Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1.

64 Marlborough Street,
Dublin 1.

Ní bheidh brú ar aon duine labhairt amach os ard ag an éisteacht ó bhéal. Tabhair faoi deara go dtógfaidh an Bord aon aighneacht scríofa, atá taiscithe leis an mBord cheana féin, san áireamh ar aon nós.

Má tá sé ar intinn ag aon pháirtí aighneacht ó bhéal a thabhairt ag an éisteacht ó bhéal shubstainteach, tá air nó uirthi na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Bhoird ag réamh-chruinniú na héisteachta ó bhéal:

(a) Tabhair garmheastachán ar cé chomh fada is a thógfaidh an aighneacht ó bhéal
(b) An mbeidh saineolaí teicniúil á thabhairt fianaise / aighneacht ó bhéal ar do shon?
(c) An mbeidh cros-cheistiú ar siúl ag an éisteacht ó bhéal má tá cuireadh faighte ón gcigire?

Ag féachaint do mhéid na haighneachtaí scríofa atá taiscithe leis an mBord, agus do choitiantacht na hábhair curtha leo, bheadh sé cabhrach agus inmhianaithe d'iompraíocht na héisteachta, dá rachadh na páirtithe le haighneachtaí comhchosúla i ngrúpaí lena chéile, agus príomh-ionadaí / urlabhraí nó foireann theicniúil a bheith tofa acu chun labhairt ar son an ghrúpa ar feadh imeachtaí na héisteachta.

Is é cuid an-tábhachtach d'imeachtaí maidir le réamh-chruinniú na héisteachta ná ord reatha na gcainteoirí / na haighneachtaí ag an éisteacht shubstainteach. Beidh an Bord ag claí leis an ord reatha seo chomh fada agus is féidir leis, chun glacadh na fianaise ó bhéal agus nós imeachta na héisteachta a éascú.

Is iad seo a leanas socruithe maidir le réamh-chruinniú na héisteachta:

**Dáta:** **Dé Máirt, an 6ú Eanáir, 2015**
**Am:** **10:00 r.n.**
**Ionad:** **Óstán Chonnacht, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe.**

Más mian leat teacht chuig réamh-chruinniú na héisteachta ach ní féidir leat bheith i láthair ar an lá, is féidir an t-eolas luaite in (a) go (c) thuas a chur in iúl don Bhord ar do cheannsa trí ionadaí atá i láthair. Mura féidir é sin a dhéanamh, is féidir na sonraí a sheoladh sa phost chuig oifigeach an Bhoird thíos-sínithe (nó trí ríomhphost chuig k.doherty@pleanala.ie) roimh 5:30 i.n. ar an lá céanna atá réamh-chruinniú na héisteachta ar siúl, is é sin ná Dé Máirt, an 6ú lá d'Eanáir 2015.

Dá mbeadh tuilleadh ceisteanna agat maidir leis an ábhar seo déan teagmháil le hoifigeach an Bhoird atá thíos sínithe le do thoil. Abair uimhir thagartha an bhoird Pleanála atá thuasluaite má dhéanann tú aon teagmháil linn i litreacha nó ar an teileafón le do thoil.

Is mise le meas,

Pp. Caitríona Ní Threasaigh

Kieran Doherty
Oifigeach Feidhmiúcháin
Teileafón: 01-8737248

**Post Cláraithe**

AHC/PA33.27.LTR